



An Bhruiséil, 7 Iúil 2023
(OR. en)

11459/23

TRANS 298
COWEB 100
ELARG 42

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	11457/23
Uimh. an doic. ón gCoim.:	10477/23
Ábhar:	Comhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh leis an gComhairle maidir le seasamh an Aontais i ndáil leis an tríú hathbhreithniú ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach ar larscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair – Formheas

1. Trí litir a fuarthas an 12 Meitheamh 2023, tá seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh ag dul i gcomhairle leis an gComhairle maidir leis an tríú hathbhreithniú atá beartaithe ar larscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (TCT)¹. Leanann an comhairliúchán roimh ré ón gComhairle an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2(2) de Chinneadh (AE) 2019/32 ón gComhairle².
2. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún seasamh an Aontais a bhunú sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach maidir leis an ábhar. Féadfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach *acquis* an Aontais a thabhairt cothrom le dáta, rud atá nó a bheidh éigeantach in TCT i gcomhréir le hAirteagal 3(1) TCT i gcomhar le hIarscríbhinní I agus II agus leis na prótacail aonair a ghabhann le TCT.

¹ IO L 278, 27.10.2017, lgh. 3-53.

² I gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Chinneadh (AE) 2019/32 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1), agus gníomhartha an Aontais mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gConradh á dtabhairt cothrom le dáta, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gComhairle maidir leis an seasamh ionchasach trí dhoiciméad i scríbhinn.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an togra thuas an 27 Meitheamh 2023. Bunaithe ar na barúlacha ag cruinniú na meithle agus barúlacha i scríbhinn ó na toscaireachtaí, a ndearna an Coimisiún a mheas, scaip an Uachtaránacht dréachtfhreagra ón gComhairle an 5 Iúil 2023³. In éagmais barúlacha breise ó na toscaireachtaí, ba cheart an dréachtfhreagra ón gComhairle a fhorghuiniú mar a forbraíodh sa mheitheal.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir fhorghuiniú Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an freagra ar an gcomhairliúchán a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhorghuiniú.

³ Féach 11457/23.

**Moltaí ón gComhairle maidir leis an tríú nuashonrú ar Iarscríbhinn I
a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair**

Gabhann an Chomhairle buíochas leis an gCoimisiún as an gcomhairliúchán maidir leis an dréachtseasamh ón Aontas a eagrú mar ullmhúchán don tríú cinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (*acquis* an Aontais) a thabhairt cothrom le dáta. Ba mhaith leis an gComhairle go gcuirfeadh an Coimisiún na gnéithe seo a leanas san áireamh:

**IARSCRÍBHINN I.3 – RIALACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE hIOMPAR DE
BHÓTHAR**

Reachtaíocht shóisialta a fhorfheidhmiú

Le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/2179 ón gCoimisiún, sonraítear feidhmiúlachtaí an chomhéadain phoiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('IMI') chun críocha Airteagal 1(11) de Threoir (AE) 2020/1057. Bunaítear le hAirteagal 1 de Threoir (AE) 2020/1057 rialacha mionsonraithe a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe de Threoir 96/71/CE a bhaineann le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus de Threoir 2014/67/AE a bhaineann le ceanglais riaracháin agus bearta rialaithe i dtaca leis na tiománaithe sin a phostú. Leagtar síos le hAirteagal 1(11) de Threoir (AE) 2020/1057 maolú ar na rialacha atá in Airteagal 9 de Threoir 2014/67/AE, arb é is aidhm dó córas sonrach rialaithe le haghaidh tiománaithe ar postú.

Ní áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair gníomhartha a bhaineann le rialacha an Aontais maidir le hoibrithe a phostú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2179 a leasú dá réir.

Iompar intíre earraí contúirteacha

Ós rud é go mbeartaítear gníomhartha leasaitheacha a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/68/CE, molann an Chomhairle go gcuirfí tagairt do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1198 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2023, a foilsíodh le déanaí agus a chuirtear in ionad na ranna a leasaíodh roimhe sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1095 ón gCoimisiún, go gcuirfí an tagairt sin in ionad na tagartha do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1095 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2022.

IARSCRÍBHINN I.5 (RIALACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE hIOMPAR AR UISCÉBHEALAÍ INTÍRE):

Iompar intíre earraí contúirteacha

Tá an trácht a rinneadh ar iompar intíre earraí contúirteacha in iompar de bhóthar bailí freisin d'iompar ar uiscebhealaí intíre.
